# Ná lig do strus airgid d'oideachas a chur i mbaol

Cuireann an **Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn** tacaíocht airgid ar fáil do **mhic léinn lán-aimseartha nó páirt-aimseartha** a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu agus iad ag freastal ar institiúidí ardoideachais.



## Cén Úsáid Ar Féidir Liom A Bhaint As?

Cuirtear an **Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn** ar fáil chun cabhair a thabhairt le costais amhail:

- Leabhair & ábhar ranga
- Cíos agus billí fóntais eile
- Bia
- Taisteal atá riachtanach
- Costais cúraim leanaí
- Costais leighis

## Cad iad na costais nach gclúdaítear?

Níl táillí teagaisc, táillí cláraithe, aisíocaíochtaí iasachtaí mac léinn nó aon chostas a iompraíonn d'institiúid ardoideachais (IA) clúdaithe faoin **gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn**.

## Cé hiad ar féidir leo iarratas a dhéanamh air?

Is féidir le mic léinn atá ag déanamh cúrsa lán-aimseartha nó páirt-aimseartha a bhfuil dámhachtain ardoideachais mar chuspóir aige (Creat Náisiúnta Cáilíochta leibhéil 6-10) in ollscoileanna, institiúidí teicneolaíochta agus IA faofa eile in Éirinn iarratas a dhéanamh ar an gciste seo.

Spreagtar mic léinn pháirtaimseartha atá ina dtuismitheoirí aonair iarratas a dhéanamh mar go bhfuil cistiú breise curtha ar fáil chun tacaíocht a thabhairt don ghrúpa sin.

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

HEA HIGHER EDUCATION AUTHORITY
AN tÚDARÁS um ARD-OIDEACHAS

## Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh?

Má tá tú i gcruachás airgeadais, ba cheart duit teagmháil a dhéanamh leis an oifig seirbhísí rochtana nó le hoifig seirbhísí na mac léinn i d'institiúid ardoideachais chun tuilleadh eolais a fháil faoin gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn. Tá sé tábhachtach go gcuirfeá isteach d'iarratas a luaithe agus is féidir. Tá dáta deiridh i bhfeidhm ag roinnt IA agus ba chóir duit an t-eolas sin a lorg.

## Cad iad na doiciméid a bheidh ag teastáil uaim chun iarratas a dhéanamh?

Cuirfidh do IA comhairle ort faoi na doiciméid a bheidh ag teastáil uait chun tacú le d'iarratas ar an gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn. D'fhéadfadh fianaise maidir le d'ioncam féin nó do thuismitheoirí agus admhálacha do chostais amhail an cíos, billí nó cúram leanaí a bheith i gceist, nuair is cuí sin.

## An ndéantar an T-iarratas a mheas faoi rún?

Déanann d'institiúid ardoideachais d'iarratas ar an **gCiste Cúnaimh do Mhic Léin**n a riar go huile agus go hiomlán faoi rún. Tá aon fhaisnéis a thugann tú mar chuid de d'iarratas faoi chosaint ag rialacháin chosanta sonraí do IA.

## Conas a dhéanfar m'iarratas a mheasúnú?

Breathnóidh d'institiúid ardoideachais ar do dhálaí agus acmhainní pearsanta nuair atá siad ag déanamh measúnaithe ar d'iarratas ar an **gCiste Cúnaimh do Mhic Léinn**. D'fhéadfadh coiste beag, ar a mbeadh an t-oifigeach rochtana agus an t-oifigeach leasa mic léinn, an cinneadh deiridh a ghlacadh maidir le d'iarratas.

## Cé mhéid airgid atá i gceist leis an gcistiú?

Braitheann an méid airgid ar thorthaí an phróisis mheasúnaithe a leanann d'institiúid ardoideachais.

Tá an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn á bhainistiú ag an Údarás um Ard-Oideachas thar ceann na Roinne Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta.

Féach ar **www.studentfinance.ie**
le haghaidh tuilleadh eolais